



An cuimhin leat?

Ag plé marcóirí dioscúrsa



Feasacht teanga

Ag aistriú cuid de mharcóirí dioscúrsa an Bhéarla go Gaeilge



Scileanna cumarsáide

Ag úsáid marcóirí dioscúrsa sa chaint neamhfoirmiúil

A: An cuimhin leat?

Pléadh marcóirí dioscúrsa san fhíseán a bhaineann leis an gceacht seo. Is iad sin na focail agus na frásaí beaga simplí a úsáidimid i gcomhráite nádúrtha chun an chumarsáid a bhainistiú, chun leideanna a thabhairt don éisteoir faoin rud atá muid ag dul a rá nó faoin dearcadh atá againn faoi. Feicimid go leor samplaí de na marcóirí dioscúrsa sin i gcomhráite éagsúla ó Ros na Rún. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus tugaigí faoi na tascanna seo a leanas atá bunaithe ar na comhráite ón bhfíseán.

1. Bobbi Lee, Micheál agus Réiltín ag caint faoi Chaitríona

Líonaigí na bearnaí sa chomhrá leis na marcóirí dioscúrsa cúí:

Dhera, <i>sure</i> Bhuel, feictear domsa	Déarfaidh mé an méid seo A Mhaighdean Bheannaithe	Anois
---	--	-------

Bobbi Lee: _____, céard a tharla anseo? _____ leat a Mhichíl, tá foighde agat cur suas lena cuid *antics*.

Micheál: _____ go bhfuil neart tacaíochta aici.

Bobbi Lee: _____ duine ar bith a bhfuil splanc chéille ar bith acu, tá a fhios acu nach bhfuil cois le seasamh aici.

Réiltín: _____, tá sé ráite agat.

Bobbi Lee: *Yeah* agus bheadh sí caite amach ar thaobh an bhóthair ag formhór na ndaoine faoin am seo.

Réiltín: Bí cinnte de.

Cén aidhm atá ag na marcóirí dioscúrsa sa chomhrá thuas? Cén chuma a bheadh ar an gcomhrá mura mbeidís ann?

2. Aird duine a fháil

- a) An cuimhin libh na focail bheaga a d'úsáid ár gcairde i Ros na Rún chun aird daoine a fháil? Líon na bearnaí thíos. Féach siar ar an mír físe, más gá.

Manus: _____, tá mé ag iarraidh gar ort.

Berni: _____, bhí Bobbi Lee ag insint dom faoi céard a tharla do Sonia bhocht.

Tadhg: Ó agus gabh i leith, _____, má bhíonn tú ag iarraidh sochraid a eagrú don *skeleton* sin ...

Vince: _____, caithfidh mise imeacht.

- b) An bhfuil aon fhocail bheaga eile agaibh féin a d'fhéadfaí a chur sna bearnaí thuas?

3. Ós ag caint ar ...

Tá cúpla bealach eile i nGaeilge chun athrú scéil a tharraingt orainn féin. Cén Ghaeilge atá ar na cinn seo thíos?


Speaking of ...	Ós ag caint ar/ós ag trácht ar ... (atá muid)
By the way ...	
As it happens ...	
Anyway, ... (ag tús abairte)	

4. John Joe agus Noreen ag achrann

- a) An cuimhin libh an argóint a bhí idir John Joe agus Noreen? Cad a chuireann na focail bheaga seo in iúl sa chomhthéacs sin?

<div style="border: 1px solid black; border-radius: 10px; padding: 5px; display: inline-block;">Ó</div>	
<div style="border: 1px solid black; border-radius: 10px; padding: 5px; display: inline-block;">Amharc</div>	
<div style="border: 1px solid black; border-radius: 10px; padding: 5px; display: inline-block;">Muisé</div>	

- b) Féachaigí ar na focail atá sa chiorcal thíos. An bhfuil aon cheann de na focail sin a d'fhéadfaí a úsáid mar mharcóir dioscúrsa in áit na gceann atá i gcló trom sa chomhrá thíos? An athródh na focail sin brí nó stíl an chomhrá?



John Joe:	Ó, right aye. Ormsa atá an locht, so.
<i>MD eile</i>	<i>Sin é!</i>
Noreen:	Ní ormsa atá sé.
John Joe:	Amharc, níl an fuinneamh agamsa le dul ag argáil leat. Ach achan am a sánn tú do shoc sa scéal, níonn tú cac madaidh de.
<i>MD eile</i>	
Noreen:	Ó muise, tá fear maith ag caint.
<i>MD eile</i>	

5. Béim a chur ar phointe

Líonaigí na bearnaí sna línte thíos leis na marcóirí dioscúrsa cuí:

le bheith fírinneach leat d'fhéadfá a rá	bíodh a fhios agat caithfidh mé a rá
---	---

John Joe: Mheall mise go leor girseacha galánta, _____.

Mack: Bhuel, ní bhaineann sé sin léi, ná leatsa ach an oiread. Agus _____, b'fhéarr liom dá bhfanadh an bheirt agaibh glan ar a chéile.

Manus: Bhuel, _____, go bhfuil mé ag baint sult ar dóigh as do chlár.

Máire: Ó Laoise. Shílfeá nach ndeachaigh an lón le Réiltín chomh maith sin.

Laoise: Muise, _____. Nár léigh sí ar 'Fiosrach' go raibh muid ag dul a phósadh sula raibh seans agam féin agus Micheál á rá léi.

6. Pointe a mhaolú (*hedging*)

Féachaigí ar na línte seo ón mír físe, ina raibh na carachtair ag iarraidh a gcuid pointí a mhaolú beagán. Tá na marcóirí dioscúrsa a d'úsáid siad féin fágtha ar lár. An cuimhin libh na cinn a d'úsáid siad féin? Conas a mhaolódh sibhse na habairtí céanna?

Tony: Níor cheart dúinn scaradh ar chor ar bith.

John Joe: Níl mé chomh láidir is a bhí mé ach níl mé ag iarraidh go mbeadh a fhios ag Imelda faoi sin.

Malacháí: Ach, a Shorcha, b'fhearr nach ndéanfá aon tagairt don phictiúr.

Vera: An bhfuil chuile shórt *alright*?

Berni: D'imigh Evan inniu. Tá mé uaigneach.

David: Ní bhaineann sé leat.

Malacháí Baineann, is í iníon mo pháirtí í.

B: FEASACHT TEANGA

1. Marcóirí dioscúrsa sa Bhéarla

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Cén Ghaeilge atá agaibh ar na marcóirí dioscúrsa Béarla seo thíos? Líonaig na bearnaí leis na marcóirí dioscúrsa i nGaeilge. Tá an chéad cheann déanta.

Marcóirí dioscúrsa Béarla	Abairtí le líonadh le marcóirí dioscúrsa i nGaeilge
a) <i>so</i>	Cé a bhuaigh ar deireadh, mar sin?
b) <i>Like, sure</i>	_____, níl sé chomh holc sin.
c) <i>just</i>	_____ mothaím amaideach!
d) <i>right</i>	_____, feicfidh mé thú amárach.
e) <i>you know</i>	Beidh an scrúdú deacair, _____.
f) <i>by the way, as it happens</i>	Ní raibh sé anseo, _____.
g) <i>I see</i>	_____ ach, ba cheart duit dul mar sin féin.
h) <i>actually (in fact), really</i>	Ní dharna mise aon chuid den obair, _____.
i) <i>by the way (changing topic)</i>	_____, an bhfuil aithne agat ar Cholm Mac Aodha?
j) <i>obviously, of course</i>	Ní raibh an obair déanta faoin spriocdháta, _____.



C: CUMARSÁID

1. Fuinneamh a chur sa chomhrá

Bígí ag obair i mbeirteanna arís agus féachaigí ar an gcomhrá seo thíos. Cuirigí brí sa chomhrá anois trí mharcóirí dioscúrsa a chur leis. Tabharfaidh an múinteoir an bhileog ‘Marcóirí Dioscúrsa’ daoibh chun cuidiú libh. Tá an chéad chuid déanta daoibh.

Duine A

_____, chuaigh mé go dtí an caife nua sin i lár an bhaile. _____, bhí an caife an-mhaith ar fad. Ach, bhí an tseirbhís olc go leor, _____. _____, níor thaitin an t-atmaisféar liom, _____. Bhí sé róthorannach.

Le marcóirí dioscúrsa:

Cogar, chuaigh mé go dtí an caife nua sin i lár an bhaile. **Le bheith fírinneach**, bhí an caife an-mhaith ar fad. Ach, bhí an tseirbhís olc go leor, **mar sin féin. Anuas air sin ar fad**, níor thaitin an t-atmaisféar liom, **an bhfuil a fhios agat**. Bhí sé róthorannach.

Duine B

Ó, an ea? Chuaigh mise ann an tseachtain seo caite, _____. Lena gceart a thabhairt dóibh, ní raibh caill ar an gcaife agus _____ shíl mé go raibh an tseirbhís go breá ar fad. Ach aontaím go huile agus go hiomlán leat mar gheall ar an torann! _____, níor éirigh liom comhrá a bheith agam le mo dheirfiúr san áit, ar chor ar bith.

Duine A

_____! Agus _____ thorann agus ar atmaisféar atá muid, ar thug tú faoi deara cé chomh beag is a bhí an áit? _____, bhí mé nach mór i mo shuí ar ghlúine an fhir in aice liom, an créatúr.

Duine B

_____, tá an ceart ar fad agat. Tá an áit chomh beag agus na táblaí sa mhullach ar a chéile. _____ bhí sé róthe istigh ann. _____, ba dhóibair gur thit mé i laige.

Duine A

_____! _____, ar bhlais tú na cístí atá acu? Bhí cuma chomh deas sin orthu go raibh mé ar bís le ciste a bheith agam, ach, _____, ní raibh sé chomh blasta sin _____. Bhí saghas díomá orm, _____.

Duine B

_____, ó dúirt tú é, bhí scóna agamsa, agus _____, _____, bhí sé go breá _____. Ní raibh caill air ach ní raibh sé thar mholadh beirte, _____.

2. Rólghníomhaíochtaí – ag úsáid marcóirí dioscúrsa

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus tugaigí faoi na rólghníomhaíochtaí seo le chéile. Bígí cinnte obair ullmhúcháin a dhéanamh roimh gach ceann. Féachaigí ar an mbileog 'Marcóirí Dioscúrsa' agus roghnaigí na cinn oiriúnacha a úsáidfidh sibh le haghaidh gach rólghníomhaíochta.

Rólghníomhaíocht A

Tá sibh ag pleanáil turais don deireadh seachtaine. Tá duine agaibh ag iarraidh dul go Londain agus an duine eile ag iarraidh dul go Dún na nGall.

Bíodh an comhrá agaibh agus bainigí úsáid as marcóirí dioscúrsa le haird an duine eile a fháil agus béim a chur ar do chuid pointí féin.

Rólghníomhaíocht B

Duine A: Bíonn cara/deirfiúr/deartháir leat ag gearán, mar in amanna caitheann tú a c(h)óta gan chead. Ní fheiceann tú féin aon fhadhb leis sin.

Duine B: Bíonn an nós ag cara/deirfiúr/deartháir leat do chóta a chaitheamh gan chead agus cuireann sé le báiní thú. Ba mhaith leat dá n-éireadh sé/sí as an nós áirithe sin.

Bíodh an comhrá agaibh agus bainigí úsáid as marcóirí dioscúrsa le bhur gcuid tuairimí a chur in iúl go séimh. Déanaigí iarracht gan a bheith róbhorb.

FREAGRAÍ

A: AN CUIMHIN LEAT?

1. Bobbi lee, Micheál agus Réiltín ag caint faoi Chaitríona

Cuireann na marcóirí dioscúrsa le brí an chomhrá. Cuidíonn siad leis na cainteoirí a gcuid pointí a chur in iúl go láidir.

- Bobbi Lee:** A Mhaighdean Bheannaithe, céard a tharla anseo? Déarfaidh mé an méid seo leat a Mhichíl, tá foighde agat cur suas lena cuid *antics*.
- Micheál:** Bhuel, feictear domsa go bhfuil neart tacaíochta aici.
- Bobbi Lee:** Dhera, *sure* duine ar bith a bhfuil splanc chéille ar bith acu, tá a fhios acu nach bhfuil cois le seasamh aici.
- Réiltín:** Anois, tá sé ráite agat.
- Bobbi Lee:** Yeah agus bheadh sí caite amach ar thaobh an bhóthair ag formhór na ndaoine faoin am seo.
- Réiltín:** Bí cinnte de.

2. Aird duine a fháil

a) Féach:

- Manus:** Éist, tá mé ag iarraidh gar ort.
- Berni:** Gabh i leith, bhí Bobbi Lee ag inse dom faoi céard a tharla do Sonia bhocht.
- Tadhg:** Ó agus gabh i leith, cogar, má bhíonn tú ag iarraidh sochraid a eagrú don *skeleton* sin ...
- Vince:** Breathnaigh, caithfidh mise imeacht.

b) Cúpla ceann eile: Goitse/haigh.

3. Ós ag caint ar ...

Féach:

Speaking of ...	Ós ag caint ar/ós ag trácht ar ... (atá muid)
By the way ...	Dála an scéil
As it happens ...	Mar a tharlaíonn sé, faoi mar atá
Anyway, ... (ag tús abairte)	Ar aon nós, pé scéal é, ar scor ar bith, ar aon chuma

4. John Joe agus Noreen ag achrann

a) Féach:

Ó	Iontas agus searbas. Ní chreideann sé an méid a deir Noreen.
Amharc	Tosaíonn sé a sheal cainte leis an bhfocal sin, le bheith cinnte go bhfuil Noreen ag éisteacht.
Muise	Léiríonn Noreen leis an bhfocal beag sin nach n-aontaíonn sí le John Joe.

b) Mar shampla:

John Joe:	Ó, right aye. Ormsa atá an locht, so.
<i>MD eile</i>	<i>Sin é! / An ea? / Ó cinnte</i>
Noreen:	Ní ormsa atá sé.
John Joe:	Amharc, níl an fuinneamh agamsa le dul ag argáil leat. Ach achan am a sánn tú do shoc sa scéal, níonn tú cac madaidh de.
<i>MD eile</i>	<i>Breathnaigh / Fán nóiméad / Éist / Soicind amháin anois</i>
Noreen:	Ó muise, tá fear maith ag caint.
	<i>A Mhaighdean / A thiarcais / M'anam / Ambaiste / Bhuel / A Dhia</i>

5. Béim a chur ar phointe

Féach:

John Joe: Mheall mise go leor girseacha galánta, **bíodh a fhios agat.****Mack:** Bhuel, ní bhaineann sé sin léi, ná leatsa ach an oiread. Agus **le bheith fírinneach leat,** b'fhéarr liom dá bhfanadh an bheirt agaibh glan ar a chéile.**Manus:** Bhuel, **caithfidh mé a rá,** go bhfuil mé ag baint sult ar dóigh as do chlár.**Máire:** Ó Laoise. Shílfeá nach ndeachaigh an lón le Réiltín chomh maith sin.**Laoise:** Muise, **d'fhéadfá a rá.** Nár léigh sí ar 'Fiosrach' go raibh muid ag dul a phósadh sula raibh seans agam féin agus Micheál á rá léi.6. Pointe a mhaolú (*hedging*)

Féach:

Tony: **Tá mise ag ceapadh go mb'fhéidir** gurbh fhearr dúinn gan scaradh ar chor ar bith. (*Is é mo bharúil ná go mbeadh sé níos fearr gan ... / Nach mbeadh sé i bhfad níos fearr dúinn gan...*)**John Joe:** **Alright, bhuel, yeah, b'fhéidir** nach bhfuil mé chomh láidir is a bhí mé ach níl mé ag iarraidh go mbeadh a fhios ag Imelda faoi sin. (*seans ...*)**Malacháí:** Ach, a Shorcha, *eh,* b'fhéarr **ar bhealach** (*ar shlí / ar dhóigh*) nach ndéanfá aon tagairt don phictiúr, ar fhaitíos.

Vera: An bhfuil chuile shórt *alright*?

Berni: Tá **níl ann ach gur** imigh Evan inniu. (*n'fheadar, ach gur imigh / is é an chaoi gur imigh ...*)

Vera: Ó i ndáiríre?

Berni: Tá mé **saghas** uaigneach, **seans**. (*saghas – cineál, beagán, / seans – is dócha, déarfainn*)

David: **I gcead duit**, ach, ní dóigh liom go mbaineann sé leat.

Malacháí: **I gcead duitse**, is í iníon mo pháirtí í. (Le do thoil / Brón orm ach ...)

B: FEASACHT TEANGA

7. Marcóirí dioscúrsa sa Bhéarla

Féach:

Marcóirí dioscúrsa Béarla	Abairtí le líonadh le marcóirí dioscúrsa i nGaeilge
a) <i>so</i>	Cé a bhuaigh ar deireadh, mar sin?
b) <i>like, sure</i>	Dhera/muise , níl sé chomh holc sin.
c) <i>just</i>	Níl ann ach go mothaím amaideach!
d) <i>right</i>	Maith go leor/ceart go leor , feicfidh mé thú amárach.
e) <i>you know</i>	Beidh an scrúdú deacair, an bhfuil a fhios agat.
f) <i>by the way, as it happens</i>	Ní raibh sé anseo, mar a tharlaíonn sé.
g) <i>I see</i>	Tuigim ach, ba cheart duit dul mar sin féin.
h) <i>actually (in fact), really</i>	Ní dhearna mise aon chuid den obair, i ndáiríre.
i) <i>by the way (changing topic)</i>	Ó dála an scéil , an bhfuil aithne agat ar Cholm Mac Aodha?
j) <i>obviously, of course</i>	Ní raibh an obair déanta faoin spriocdháta, ar ndóigh/gan amhras.

C: CUMARSÁID

1. Fuinneamh a chur sa chomhrá

Féach ar an gcomhrá samplach seo thíos. Is féidir go leor marcóirí dioscúrsa éagsúla a úsáid sna comhthéacsanna éagsúla.

Duine A

Cogar, chuaigh mé go dtí an caife nua sin i lár an bhaile. **Le bheith fírinneach**, bhí an caife an-mhaith ar fad. Ach, bhí an tseirbhís olc go leor, **mar sin féin**. **Anuas air sin ar fad**, níor thaitin an t-atmaisféar liom, **an bhfuil a fhios agat**. Bhí sé róthorannach.

Duine B

Ó, an ea? Chuaigh mise ann an tseachtain seo caite, **mar a tharlaíonn sé**. Lena gceart a thabhairt dóibh, ní raibh caill ar an gcaife agus **caithfidh mé a rá gur** shíl mé go raibh an tseirbhís go breá ar fad. Ach aontaím go huile agus go hiomlán leat mar gheall ar an torann! **Le bheith fírinneach**, níor éirigh liom comhrá a bheith agam le mo dheirfiúr san áit, ar chor ar bith.

Duine A

Go díreach! Agus **ós ag caint ar** thorann agus ar atmaisféar atá muid, ar thug tú faoi deara cé chomh beag is a bhí an áit? **Dia ár sábháil**, bhí mé nach mór i mo shuí ar ghlúine an fhir in aice liom, an créatúr.

Duine B

Ó muise, tá an ceart ar fad agat. Tá an áit chomh beag agus na táblaí sa mhullach ar a chéile. **Chomh maith leis sin** bhí sé róthe istigh ann. **M'anam**, ba dhóibair gur thit mé i laige.

Duine A

Cinnté dearfa! **Rud eile**, ar bhlais tú na cístí atá acu? Bhí cuma chomh deas sin orthu go raibh mé ar bís le ciste a bheith agam, ach, **i ndáiríre**, ní raibh sé chomh blasta sin **in aon chor**. Bhí saghas díomá orm, **caithfidh mé a rá**.

Duine B

Anois, ó dúirt tú é, bhí scóna agamsa, agus **bhuel, muise**, bhí sé go breá **go díreach**. Ní raibh caill air ach ní raibh sé thar mholadh beirte, **má thuigeann tú leat mé**.

2. Rólghníomhaíochtaí – ag úsáid marcóirí dioscúrsa

Cuir gach beirt ag obair le chéile arís agus léigh trí na rólghníomhaíochtaí leo. Abair leo tamall gearr a chaitheamh ag déanamh a machnaimh faoi na marcóirí dioscúrsa a úsáidfidh siad. Tabhair tamall dóibh ansin an dá rólghníomhaíocht a dhéanamh ina mbeirteanna. Iarr ar fhoghlaimoirí éagsúla na rólghníomhaíochtaí a dhéanamh os comhair an ranga.

AN SCRIPT

Intreoir:

Fáilte chuig SnasTV Ros na Rún, Sraith 2, Ceacht 14. Dhera, *sure* – Marcóirí dioscúrsa sa Ghaeilge.

Sa cheacht seo, pléifidh muid na focail agus na frásaí beaga simplí a úsáideann muid i gcomhráite nádúrtha chun an chumarsáid a bhainistiú, chun leideanna a thabhairt don éisteoir faoin rud atá muid a dhul a rá nó faoin dearcadh atá againn faoi. ‘Marcóirí dioscúrsa’ a thugtar ar na focail agus ar na frásaí sin. *In this lesson we’ll look at the simple little words and phrases, known as discourse markers, that we use to organise and manage conversations.*

Féach ar dtús ar an mhír seo ó Ros na Rún ina bhfuil Bobbi Lee agus Micheál ag cur agus ag cúiteamh faoi Chaitríona. Ná bí buartha mura dtuigeann tú gach rud, rachaidh muid tríd céim ar chéim ar ball.

An mhír fise ó Ros na Rún

- Bobbi Lee: A Mhaighdean Bheannaithe, céard a tharla anseo? Déarfaidh mé an méid seo leat a Mhichíl, tá foighde agat cur suas lena cuid *antics*.
- Micheál: Bhuel, feictear domsa go bhfuil neart tacaíochta aici.
- Bobbi Lee: Dhera, *sure* duine ar bith a bhfuil splanc chéille ar bith acu, tá a fhios acu nach bhfuil cois le seasamh aici.
- Réiltín: Anois, tá sé ráite agat.
- Bobbi Lee: *Yeah* agus bheadh sí caite amach ar thaobh an bhóthair ag formhór na ndaoine faoin am seo.
- Réiltín: Bí cinnte de.

Ar thuig tú?

- A Mhaighdean Bheannaithe! *Holy smoke, Mother of God. Literally, oh blessed virgin!*
- Foighde, foighne – *patience*.
- Déarfaidh mé an méid seo leat – *I’ll tell you this*.
- Ag cur suas lena cuid ‘antics’ – *putting up with her carry on*, ag cur suas lena cuid amaidí nó cleasaíochta.
- Feictear domsa – *it seems to me*.
- Splanc chéille – *a flash of sense*. Duine ar bith a bhfuil splanc chéille acu – *anyone who has any cop on at all*.
- Tá sé ráite agat – *you’ve said it!*
- Bí cinnte de – *you can be sure of that*.

Spotsolas ar an gcumarsáid

Caithfidh muid spotsolas anois ar na marcóirí dioscúrsa a bhí sa chomhrá sin. Féach ar an script arís. Cén fheidhm atá ag na focail a bhfuil dath bándearg orthu sa chomhthéacs áirithe seo?

- Bobbi Lee: **A Mhaighdean Bheannaithe**, céard a tharla anseo?
Déarfaidh mé an méid seo leat, a Mhichíl, tá foighid agat cur suas lena cuid *antics*.
- Micheál: **Bhuel, feictear domsa** go bhfuil neart tacaíochta aici.
- Bobbi Lee: **Dhera, sure** duine ar bith a bhfuil splanc chéille ar bith acu, tá a fhios acu nach bhfuil cois le seasamh aici.
- Réiltín: **Anois**, tá sé ráite agat.
- Bobbi Lee: **Yeah agus** bheadh sí caite amach ar thaobh an bhóthair ag formhór na ndaoine faoin am seo.
- Réiltín: Bí cinnte de.

‘A Mhaighdean Bheannaithe’! Iontas agus alltacht atá á léiriú ag Bobbi Lee agus í ag tosú an chomhrá mar seo. Ansin, tugann an frása ‘Déarfaidh mé an méid seo leat’ leid, agus leid mhaith, do Mhicheál go bhfuil sí chun tuairim láidir a chur in iúl agus go bhfuil sí ag iarraidh béim a chur ar an tuairim sin.

Tosaíonn Micheál agus Bobbi Lee a gcuid sealanna cainte ansin le frásaí ar nós, ‘Bhuel, feictear domsa’ agus ‘Dhera, sure’, le heasaontú lena chéile ar bhealach séimh, gan a bheith róhbhorb. Agus nuair a thosaíonn Bobbi Lee agus Réiltín abairtí le ‘Anois’ agus ‘Yeah agus’, léiríonn siad go n-aontaíonn siad lena chéile agus go bhfuil siad ag iarraidh tógáil ar phointí a chéile.

Is gnáthfhocail shimplí iad na marcóirí dioscúrsa sin ar fad, ach is gné iontach tábhachtach den chumarsáid éifeachtach iad. Samhlaigh anois na línte seo arís, ach gan na marcóirí dioscúrsa sin iontu. Bheadh sé cineál briste agus borb, nach mbeadh?

- Bobbi Lee: Céard a tharla anseo? Tá foighde agat cur suas lena cuid *antics*.
- Micheál: Tá neart tacaíochta aici.
- Bobbi Lee: Duine ar bith a bhfuil splanc chéille ar bith acu, tá a fhios acu nach bhfuil cois le seasamh aici.

Bíonn tábhacht faoi leith ag baint le marcóirí dioscúrsa leis an chumarsáid a bhainistiú, mar a chloisfidh sibh sna samplaí seo ó Ros na Rún. Tá focail faoi leith a úsáidtear, mar shampla, le haird an éisteora a fháil ag tús seal cainte:

An mhír físe ó Ros na Rún

- Berni: **Gabh i leith**, Annette. Tá a fhios agat go bhfuil mé fíorbhuíoch díot as ucht an chúnaimh uilig ...
- Manus: **Éist**, tá mé ag iarraidh gar ort.
- Berni: **Gabh i leith**, bhí Bobbi Lee ag inse dom faoi céard a tharla do Sonia bhocht.
- Tadhg: **Ó agus gabh i leith, cogar**, má bhíonn tú ag iarraidh sochraid a eagrú don *skeleton* sin.

Nó, go deimhin, lena léiriú go bhfuil muid ag iarraidh deireadh a chur leis an chomhrá:

An mhír físe ó Ros na Rún

Vince: **Breathnaigh**, caithfidh mise imeacht.

Agus bíonn frásaí eile an-úsáideach ann, le hathrú scéil a tharraingt orainn féin, mar a chonaic muid cheana féin i gceacht 10 den tsraith seo. Tá sampla maith eile ag Bobbi Lee:

An mhír físe ó Ros na Rún

Elanore: Ós ag caint ar mhná ...níor chas mé le do pháirtí fós, a Mhalacháí. Sandy ...?

Bobbi Lee: Níl tada le foghlaim agamsa, *honey*. Ó, ah, **ós ag caint** ar ‘foghlaim’ mé ...

Baineann muintir Ros na Rún úsáid éifeachtach as marcóirí dioscúrsa freisin le leideanna a thabhairt don éisteoir faoin dearcadh atá acu. Féach ar John Joe agus Noreen ag achrann.

An mhír físe ó Ros na Rún

John Joe: **Ó, right aye**. Ormsa atá an locht so.

Noreen: Ní ormsa atá sé.

John Joe: **Amharc**, níl an fuinneamh agamsa le dul ag argáil leat. Ach achán am a sánn tú do shoc i scéal, níonn tú cac madaidh de.

Noreen: **Ó muise**, tá fear maith ag caint.

‘Ó *right aye*’ a dúirt John Joe go searbhasach. Ní chreideann sé ar chor ar bith gur airsean atá an locht. Ansin, tosaíonn sé an chéad abairt eile le ‘amharc’ chun a bheith cinnte go bhfuil Noreen ag éisteacht go cúramach leis. ‘Ó muise’ a deir Noreen ansin – *I dare say, look who’s talking*.

Baintear úsáid as marcóirí dioscúrsa le béim a chur ar phointe sa chumarsáid, mar atá le feiceáil sna samplaí seo ó Ros na Rún.

An mhír físe ó Ros na Rún

John Joe: Mheall mise go leor girseacha galánta, **bíodh a fhios agat**.

Mack: **Bhuel**, ní bhaineann sé sin léi, ná leatsa ach an oiread. **Agus le bheith fírinneach leat**, b’fhéarr liom dá bhfanfadh an bheirt agaibh glan ar a chéile.

Manus: **Bhuel, caithfidh mé a rá** go bhfuil mé ag baint sult ar dóigh as do chlár.

Máire: Shílfeá nach ndeachaigh an lón le Réiltín chomh maith sin.

Laoise: **Muise, d’fhéadfá a rá**. Nár léigh sí ar ‘Fiosrach’ go raibh muid ag dul a phósadh sula raibh seans agam féin agus Mícheál á rá léi ...

Bíonn na focail bheaga sin úsáideach freisin chun pointe a mhaolú beagán. *Hedging* a thugtar air sin i mBéarla. Féach:

An mhír físe ó Ros na Rún

Tony: **Tá mise ag ceapadh go mb’fhéidir** gurbh fhéarr dúinn gan scaradh ar chor ar bith.

John Joe: **Alright bhuel, yeah, b'fhéidir** nach bhfuil mé chomh láidir is a bhí mé ach níl me ag iarraidh ...

Malacháí: **Ach**, a Shorcha, **eh**, b'fhearr **ar bhealach** nach ndéanfá aon tagairt don phictiúr, ar fhaitíos.

Vera: An bhfuil chuile shórt *alright*?

Berni: Tá **níl ann ach gur** imigh Evan inniu.

Vera: Ó i ndáiríre?

Berni: Tá mé **saghas** uaigneach **seans**.

David: **I gcead duit**, ach, ní dóigh liom go mbaineann sé leat.

Malacháí **I gcead duitse**, is í iníon mo pháirtí í.

Anois amharcaidh muid ar na marcóirí dioscúrsa sin arís. Chun ...

Chun aird a fháil: gabh i leith, cogar, éist, breathnaigh

Chun labhairt faoi rud eile: ós ag caint ar ... (atá muid)

Chun dearcadh a léiriú: amharc, ó muise, dhera

Chun pointe a threisiú: Ó, muise, bíodh a fhios agat, bhuel, le bheith fírinneach, caithfidh mé a rá

Chun pointe a mhaolú: b'fhéidir, tá mé ag ceapadh go, ar bhealach, níl ann ach gur, saghas, seans, i gcead duit

Níl sna samplaí thuas ach treoir ghinearálta maidir leis an úsáid is féidir a bhaint as roinnt marcóirí dioscúrsa coitianta sa Ghaeilge. Is féidir cuid de na samplaí thuas a úsáid i gcomhthéacsanna difriúla, le feidhmeanna éagsúla a chur in iúl.

Ar thug tú faoi deara?

Ar thug tú faoi deara gur focail Bhéarla cuid de na marcóirí dioscúrsa a d'úsáid carachtair Ros na Rún i gcuid de na comhráite san fhíseán seo?

Dhera, **sure**

Yeah agus

Alright, bhuel, **yeah**, b'fhéidir

Is nós é seo atá breá coitianta i measc chainteoirí Gaeilge an lae inniu, is é sin marcóirí dioscúrsa an Bhéarla, focail ar nós *so, like, just, right, really, actually* agus *you know*, iad sin a úsáid sa chaint neamhfhoirmiúil. Ach Dia ár sábháil, nach bhfuil neart focail thraidisiúnta againn sa Ghaeilge a d'fhéadfaí a úsáid in áit na bhfocal Béarla sin? Muise, bhí go leor le feiceáil san fhíseán seo cibé ar bith!

Anois, ós ag caint ar na focail sin atá muid, tá neart samplaí eile sna bileoga oibre a théann leis an cheacht seo, bíodh a fhios agat, ar snas.ie.



Marcóirí Dioscúrsa

Marcóirí dioscúrsa chun an chumarsáid a bhainistiú

<p>Aird duine a fháil/ tús a chur le pointe/ ábhar nua a tharraingt isteach sa chomhrá Cogar Gabh i leith Breathnaigh Anois An bhfuil a fhios agat seo ... Ar dtús/ i dtús báire Ar an gcéad dul síos Ós ag caint ar ... Ar aon nós/ ar aon chuma/ ar scor ar bith Pé scéal é Dála an scéil Maidir le/ i dtaca le/ Ó thaobh ...</p>	<p>Le cur leis an méid atá ráite/ tógáil ar phointí eile atá déanta: Agus Ansin Chomh maith leis sin Anuas air sin/ Lena chois sin/ Ina theannta sin/ Ar a bharr sin Agus rud eile Ar an gcaoi chéanna/ ar an dóigh chéanna Ní hamháin ... ach An chéad rud eile Ag an am céanna Ina dhiaidh sin uilig</p>
<p>Comparáid/ codarsnacht a léiriú: Ach Mar sin féin/iná dhiaidh sin féin Áfach Ar an lámh eile Bíodh is go Ina ainneoin sin Murab ionann agus ... Cé go ... Seachas sin ... Taobh amuigh de sin ... I gcomparáid leis sin ...</p>	<p>Rud a mhíniú/ shoiléiriú Is é an chaoi go ... Is é sin le rá Lena chur ar bhealach eile an dtuigeann tú ... (i lár nó ag deireadh abairte seachas mar cheist ann féin) Tá a fhios agat féin ... bíodh a fhios agat! I ndáiríre Mar a tharlaíonn sé</p>
<p>Cúis a cheangal le tionchar: Dá bharr sin/ Mar gheall air sin/ Dá thoradh sin/ Dá dheasca sin/ Dá réir sin Ar an ábhar sin ... Ós rud é go Ón uair go</p>	<p>Sampla a thabhairt Abair Cuir i gcás Mar shampla ...nó a leithéid Ar nós Mar a déarfá</p>
<p>Conclúid Faoi dheireadh Ar deireadh (thiar thall) I ndeireadh na dála Mar fhocal scoir Le scéal fada a dhéanamh gearr Ar an iomlán, mar sin ...</p>	

Marcóirí dioscúrsa chun dearcadh a léiriú

<p>Cinnteacht a léiriú Is léir ... Is cinnte ... Cinnteacht dearfa Níl aon cheist/ amhras ach ... Gan amhras Gan aon agó Gan dabht ar bith Go huile agus go hiomlán Ar ndóigh Ambaiste Má thuigeann tú leat mé.</p>	<p>Amhras áirithe a léiriú/ pointe a mhaolú (<i>hedging</i>) B'fhéidir Seans Ar bhealach Meas tú ... Is dócha/ is dóigh Cineál/ sórt/ saghas Bhuel Go díreach (ag deireadh abairte)</p>
<p>Tuairim a léiriú Tá mé ag ceapadh Is dóigh liom Caithfidh mé a rá Le bheith fírinneach leat I gcead duit</p>	<p>Iontas/ dóchas/ díomá, srl. a léiriú Ar an drochuair Ar ámharaí an tsaoil Buíochas le Dia Le cúnamh Dé Ar m'anam Aisteach go leor Ar chúis éigin Iontas na n-iontas Dhera Muisé Dia ár sábháil M'anam</p>

Nóta: Níl sna catagóirí agus sna samplaí thuas ach treoir ghinearálta maidir leis an úsáid is féidir a bhaint as roinnt marcóirí dioscúrsa coitianta as Ghaeilge. Tabhair faoi deara gur féidir cuid de na marcóirí dioscúrsa thuas a úsáid i gcomhthéacsanna éagsúla, le feidhmeanna éagsúla a chur in iúl.